Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**6327/25**

**UEM 66**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Christine LAGARDE, Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh |
| dáta a fuarthas: | 17 Feabhra 2025 |
| chuig: | Thomas WESTPHAL, Ard-Stiúrthóir, Comhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Moladh ón mBanc Ceannais Eorpach do Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha an Bhanic Ceannais Eorpach (BCE/2025/6) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad (BCE/2025/6).

---

AN BANC CEANNAIS EORPACH
AN tEUROCHÓRAS

GA

Moladh ón mBanc Ceannais Eorpach

**an 12 Feabhra 2025**

**do Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha an Bhanic Ceannais Eorpach**

**(BCE/2025/6)**

TÁ COMHLAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 27.1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha atá molta ag Comhairle Rialaithe BCE agus a fhormheasann Comhairle an Aontais Eorpaigh iniúchadh ar chuntais an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tiocfaidh deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha reatha BCE, Baker Tilly GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft, tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2024. Dá bhrí sin, is gá iniúchóirí seachtracha a cheapadh don bhliain airgeadais 2025.

(3) Tá Forvis Mazars GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft Steuerberatungsgesellschaft roghnaithe ag BCE mar iniúchóirí seachtracha air do na blianta airgeadais 2025 go 2029, agus rogha aige síneadh suas le dhá bhliain airgeadais bhreise a chur leis an sainordú (i.e. go 2030 nó go 2031),

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Tá Forvis Mazars GmbH & Co. KG Wirtschaftsprüfungsgesellschaft Steuerberatungsgesellschaft roghnaithe ag BCE mar iniúchóirí seachtracha air do na blianta airgeadais 2025 go 2029, agus rogha aige síneadh suas le dhá bhliain airgeadais bhreise a chur leis an sainordú (i.e. go 2030 nó go 2031).

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 12 Feabhra 2025.

*Uachtarán BCE*

Christine LAGARDE